
EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# DO CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT AR FUD AN AE



# CÉN FÁTH A BHFUIL AN CHAIRT UM CHEARTA BUNÚSACHA CHOMH TÁBHACHTACH SIN?

# Is í an Chairt “bille ceart” an Aontais Eorpaigh.

Tá na **54 alt** atá inti cumhdaithe sna cearta bunúsacha atá ag gach duine san AE. Baineann na hailt leis an AE agus leis na Ballstáit go léir, nuair a ghníomhaíonn siad laistigh de dhlí an AE.

Baineann na cearta bunúsacha seo le gach duine, i ngach áit san AE. Léiríonn siad luachanna bunaidh an AE: dínit an duine, saoirse, comhionannas agus dlúthpháirtíocht. Déantar iad a fhorfheidhmiú trí dhaonlathas agus trí riail an dlí.

Cloíonn an Chairt le héagsúlacht na gcultúr agus na dtraidisiún ar fud na hEorpa.

Bhunaigh an AE an Ghníomhaireacht, mar chomhlacht neamhspleách, chun cabhrú lena áirithiú go gcuirtear an Chairt ar fáil do gach duine san AE.



# CÉARD Í GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA (FRA)?

Aithnítear muid mar ionad tagartha agus barr feabhais uathúil agus neamhspleách a dhéanann cearta an duine san AE a chur chun cinn agus a chosaint.

Cruthaíodh muid chun cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den Eoraip chun cónaí agus oibriú inti. Cuidímid le cearta bunúsacha gach duine atá ina gcónaí san AE a chosaint.

Sainmhíníonn cearta bunúsacha caighdeáin íosta lena áirithiú go gcaitear le gach duine le dínit.

Cuidímid leis na cearta seo a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear:

- ★ An ceart a bheith saor ó idirdhealú mar gheall ar aois, míchumas nó cúlra eitneach,
- ★ An ceart do shonraí pearsanta a bheith faoi chosaint,
- ★ An ceart rochtain a fháil ar an gceartas.

Inár bhfoireann tá saineolaithe dlí, eolaithe polaitiúla agus sóisialta, staitisteoirí agus speisialtóirí cumarsáide.

Is í an aidhm atá againn ná cultúr de chearta bunúsacha a spreagadh ar fud an AE.

Déanaimid plé le páirtithe leasmhara ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal idirnáisiúnta. Comhroinneann ár bhfoireann léargais fhianaise-bhunaithe agus comhairle le lucht déanta polasaithe agus le cinnteoirí.



# AN OBAIR A DHÉANAIMID

Déanaimid an dlí agus sonraí a ***bhailiú*** agus a ***anailísiú***. Soláthraímid tacaíocht agus saineolas neamhspleách agus fianaise-bhunaithe maidir le cearta bunúsacha. Tá siad seo cumhdaithe i gCairt an AE um Chearta Bunúsacha.

***Oibrímid*** i gcomhar le hinstitiúidí AE, leis na Ballstáit, le hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, le Comhlachtaí Comhionannais agus le páirtithe leasmhara eile, agus feasacht ar chearta á hardú agus ár léargais á gcur in iúl.

***Cuidímid*** le lucht déanta polasaithe a thuiscint conas is féidir leo níos mó a dhéanamh dá saoránaigh.

FRA
EUROPEAN UNION AGENCY
FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# DO CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT AR FUD AN AE

# NA NITHE A nOIBRÍMID ORTHU



★ Inimirce agus lánpháirtiú imirceach, rialú víosaí agus teorann, agus tearmann
★ An tsochaí faisnéise agus, go sonrach, meas ar an saol príobháideach agus ar chosaint na sonraí pearsanta
★ Rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear comhar breithiúnach
★ Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear cúiteamh d'íospartaigh na coireachta
★ Idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, dath craicinn, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach
★ Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar
★ Imeascadh na Romach
★ Cearta an linbh
★ Cultúr de chearta bunúsacha san AE a fhorbairt


Rochtain ar an gCeartas
Íospartaigh
Comhar breithiúnach
An tSochaí faisnéise
Slándáil inmheánach
Imirce
Na Romaigh
Comhionannas
Neamh-idirdhealú
Leanaí
Daoine LGBTI
Daoine faoi mhíchumas
Daoine scothaosta
Riail an Dlí
An Chairt AE um Chearta Bunúsacha
Foréigean i gcoinne na mban
Ciníochas
Cóir fuatha
Fuathchaint

# ÁR gCUID OIBRE A THREORÚ

Treochtaí a ***aithint***: sonraí inchomparáide a bhailiú agus a anailísiú


***Tacú*** le freagairtí beartais a chomhlíonann cearta: cabhair agus saineolas fíor-ama a chur ar fáil

## Oibrímid ar **chúig** bhealach

***Cur le*** reachtóireacht agus cur chun feidhme dlíthe níos fearr: comhairle neamhspleách a chur ar fáil

Cearta, luachanna agus saoirsí a ***chur chun cinn*** go héifeachtach

Comhar a ***neartú*** le gníomhaithe náisiúnta agus áitiúla um chearta bunúsacha: ag obair le pobail tacaíochta



"Tá cearta bunúsacha ag croí an AE. Is é an dualgas atá orainn ná tacú leis na comhlachtaí agus na Ballstáit AE go léir maidir leis na tiomantais seo a chomhlíonadh. Ar deireadh thiar, táimid ann chun cabhrú ionas gur féidir le gach duine san AE maireachtáil le dínit."

**Michael O'Flaherty**
**Stiúrthóir**

FRA
EUROPEAN UNION AGENCY
FOR FUNDAMENTAL RIGHTS


**FRA — GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**
fra.europa.eu

facebook.com/fundamentalrights
linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
twitter.com/EURightsAgency



© FRA, 2019

Grianghraif:
© Pexels/Sharon McCutcheon, Rawpixel.com
© Shutterstock/Nadia Grapes
© Unsplash/Oliver Cole



Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán, 2019

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

TK-01-19-638-GA-N ISBN 978-92-9474-710-5 doi:10.2811/34546